Taighde.
Fianaise.
Gníomhú.

HRB Health Research Board

# Straitéis 2026–2030

## Beocht á cur i dtaighde

Arna fhoilsiú ag:
An Bord Taighde Sláinte
Baile Átha Cliath

Cóipcheart:
An Bord Taighde Sláinte 2026

ISBN: 978-1-903669-36-5

An Bord Taighde Sláinte
Teach Grattan
67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 H638
Éire

**t** +353 1 234 5000
**e** hrb@hrb.ie
**w** www.hrb.ie

www.hrbstrategy2030.ie

# Réamhrá



**An tAire Sláinte,**
**Jennifer Carroll MacNeill**

**Is cúis mhór áthais dom fáilte a chur roimh an straitéis nua seo ón mBord Taighde Sláinte (BTS) agus é ag ceiliúradh 40 bliain de bheocht a chur i dtaighde. Táimid ag pointe cinniúnach do chúram sláinte in Éirinn agus tá ról lárnach ag an taighde i múnlú beartais, cleachtais agus seirbhísí.**

Is céim i dtreo cúram sláinte níos fearr in Éirinn í gach céim chun cinn sa taighde sláinte, ag soláthar nuálaíochta, cosc, costais laghdaithe, táirgiúlacht fheabhsaithe, agus feabhsú ar thaithí daoine ar chúram sláinte agus sóisialta.

Tá dul chun cinn sonraíoch feicthe againn sna blianta ó bhunaigh mo Roinn BTS 40 bliain ó shin. Ó fhorbairt cóireálacha nua agus ó athruithe bunúsacha ar chleachtas a chur chun cinn, go bealaí a chruthú chun go bhféadfaidh daoine páirt a ghlacadh i dtrialacha cliniciúla agus fianaise láidir a sholáthar chun an chaoi a gcuirimid cúram ar fáil a fheabhsú – tá ról lárnach ag BTS sa mhéid seo a chur i gcrích.

Agus bhur gcomóradh suntasach á cheiliúradh agaibh, is mór an onóir dom fáilte a chur roimh an straitéis nua seo a threoróidh ár mbealach chun cinn amach anseo.

Tá gealltanas tugtha ag an Rialtas tacú leis an taighde i raon leathan réimsí: lena n-áirítear feabhsú ar dhiagnóis agus ar thacaíochtaí don néaltrú, ullmhacht náisiúnta don tsláinte éigeandála a neartú, an tsláinte dhigiteach agus an ghéanómaíocht a fhorbairt, líon agus cáilíocht na dtrialacha cliniciúla a mhéadú, agus díriú ar chinnteoireacht bunaithe ar fhianaise chun cothromas a chur chun cinn agus cúram sláinte níos fearr a sholáthar.

Leagtar amach sa straitéis nua seo treochlár uaillmhianach chun taighde sláinte nuálach agus réamhghníomhach a fheabhsú, agus tá an cumas aici tacú le soláthar sna príomhréimsí seo sna blianta atá amach romhainn. Teastaíonn na coinníollacha cearta uainn chun go mbeidh rath ar thaighde agus ar nuálaíocht, agus léiríonn an straitéis seo tiomantas soiléir d'éiceachóras taighde rathúil a chruthú a thacaíonn leis an bpobal taighde. Tá sé seo ríthábhachtach mar léiríonn an fhianaise go gcuireann taighde, nuair atá sé fite fuaite i seirbhís sláinte, ar chumas soláthraithe cúraim sláinte an t-eolas agus na sonraí a bheith acu chun torthaí níos fearr a bhaint amach d'othair agus don phobal.

Le chéile, leanfaimid orainn ag cinntiú go gcloistear barúil na n-othar agus an phobail le linn tionscadal taighde, mar is trí oibriú le chéile amháin gur féidir linn torthaí nithiúla a bhaint amach.

Tríd an straitéis seo, léiríonn BTS cad is féidir a bhaint amach sa taighde sláinte má táimid uaillmhianach, comhoibríoch, agus thar aon ní eile, ag cur riachtanais an phobail, na n-othar agus na gcúramóirí chun tosaigh. Cuirfidh an cur chuige seo lenár gcumas dul i ngleic go héifeachtach le dúshláin sláinte amach anseo, cinnteoireacht a threorú, agus cúram sláinte agus sóisialta níos fearr a sholáthar do chách.

Jennifer Carroll MacNeill TD,
An tAire Sláinte,

# Ráiteas ó Chathaoirleach BTS



**An Dr Tracy Cunningham**

**Agus BTS ag comóradh 40 bliain de sheirbhís phoiblí, léiríonn an straitéis seo ár n-uaillmhian agus ár ndíograis chun cúram sláinte a neartú ar oileán na hÉireann – agus níos faide i gcéin – trí éiceachóras taighde sláinte dinimiciúil a fhorbairt.**

Ó bunaíodh BTS, tá dul chun cinn suntasach tacaithe againn i réimsí na sláinte poiblí, chúram othar, nuálaíocht sa chóras sláinte, agus forbairt beartais níos cliste, agus muid fós dírithe ar thaighde a fheabhsaíonn saol daoine agus a neartaíonn an córas cúraim sláinte agus sóisialta.

Mar eagraíocht, táimid tar éis fás ó thaobh scála agus uaillmhéine de. Tá tírdhreach an taighde sláinte claochlaithe ag ár n-infheistíochtaí, tá méadú tagtha ar úsáid na fianaise i mbeartais cúraim sláinte agus sóisialta, agus tá sláinte daoine feabhsaithe dá bharr.

Tá ár gcuid oibre imeasctha i straitéisí agus i reachtaíocht náisiúnta i réimsí amhail an mheabhairshláinte, an ailse, drugaí, alcól, cearrbhachas agus toitíní leictreonacha.

Ina theannta sin, tá na Coistí Náisiúnta um Eitic Taighde faoi choimirce BTS freagrach as athrú suntasach a thabhairt ar chur i bhfeidhm an taighde chliniciúil, chomh maith le rialachas an taighde chliniciúil a neartú.

### Treo na todhchaí

Tá an straitéis nua cúig bliana seo thar a bheith uaillmhianach, agus í forbartha i gcomhpháirt leis an Roinn Sláinte agus, go háirithe, i gcomhar lenár bpobal taighde, othair agus leis an bpobal.

Mar phríomh-mhaoinitheoir an taighde sláinte ar oileán na hÉireann, táimid tiomanta tacú le héiceachóras taighde sláinte rathúil a mbeidh tionchar ag dul i méid aige.

Léireofar é seo trí dhul chun cinn a dhéanamh i dtrialacha cliniciúla agus trí infheistíocht a dhéanamh i smaointe nuálacha, trí bhonneagar sonraí sláinte a fhorbairt tuilleadh, agus trí ár gcomhpháirtíochtaí a dhoimhniú ar leibhéal uile-oileáin, an Aontais Eorpaigh agus go hidirnáisiúnta.

Cuirfimid fianaise iontaofa ar fáil freisin a chumasaíonn cinnteoireacht sa tsláinte ar mhaithe le tairbhe eacnamaíoch agus shóisialta. Is cuid riachtanach den iarracht taighde seo í forbairt leanúnach na gCoistí Náisiúnta um Eitic Taighde.

## Comhoibriú láidir

Is bunchloch i rath BTS go dtí seo é an comhoibriú agus beidh sé lárnach i gcomhlíonadh ár misean amach anseo.

Ar leibhéal náisiúnta, cabhróidh comhpháirtíocht leis an bpobal, le hothair agus le cúramóirí – chomh maith leo siúd atá ag obair ar an talamh i gcúram sláinte agus sóisialta – lena chinntiú go gcuirfear straitéis BTS i bhfeidhm i mbeartas agus i gcleachtas, agus go mbainfear torthaí níos fearr amach dár bpobail dá bharr.

## Freagairt agus oiriúnú

Tá an gá le bheith solúbtha agus athléimneach lárnach inár straitéis. Ós rud é go bhfuil an tírdhreach ag athrú i gcónaí, is dócha go mbeidh gá an straitéis a oiriúnú sna cúig bliana atá romhainn.

Cuireann an intleacht shaorga (IS), srianta buiséid, an baol éagobhsaíochta airgeadais agus geo#pholaitiúla, an t-éileamh méadaithe ar chinntí eolasbhunaithe, an claochlú digiteach, agus bearta treisithe i leith cosanta agus ullmhachta dúshláin romhainn – ach léiríonn siad deiseanna suntasacha freisin chun soláthar taighde sláinte a fheabhsú.

Dá bhrí sin, ní mór dúinn an tírdhreach a athmheas go rialta agus oiriúnú dá réir sin laistigh den phlean cur chun feidhme don straitéis seo.

D'fhéadfadh athrú ar an bhfócas inár scéimeanna maoinithe, riachtanas fianaise a chur ar fáil laistigh de thréimhsí ama níos giorra, agus leathnú ar ár seirbhísí a bheith mar thoradh air seo. Dá réir sin, ní mór dúinn a bheith solúbtha chun freagairt don athrú nuair is gá.

## Cur i ngníomh na straitéise

Leagtar amach inár straitéis spriocanna soiléire, gníomhartha gaolmhara agus príomhtháscairí feidhmíochta. Déanfar monatóireacht ar an dul chun cinn ina leith seo trí thuarascálacha ráithiúla agus bliantúla chuig Bord BTS agus chuig an Roinn Sláinte.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár ngrúpa fairsing páirtithe leasmhara as a gcuid ama agus a dtiomantais i gcabhair a thabhairt chun an straitéis seo a fhorbairt. Glacadh le go leor dá gcuid moltaí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBord freisin as a léargais agus a threoir shaineolach, agus le foireann BTS, atá thar a bheith eolach agus oilte, as a gcuid oibre ar an bhfís straitéiseach seo a fhorbairt. Cinnteoimid go leanfaimid orainn ag forbairt ár gcuid tallainne agus saineolais chun freastal ar riachtanais na straitéise nua seo.

Táimid ag tnúth le straitéis nua chúig bliana a chur i bhfeidhm a mbeidh tionchar suntasach aici, agus a dhíreoidh ar thaighde sláinte den scoth, ar chuimsitheacht, agus ar fhianaise iontaofa i gcomhpháirtíocht le hothair agus leis an bpobal, arna soláthar ar bhealach eiticiúil agus dea-rialaithe, agus a chuirfear i bhfeidhm chun tionchar sláinte agus socheacnamaíoch a bhaint amach.

Tracy Cunningham

An Dr Tracy Cunningham
Cathaoirleach, Bord Taighde Sláinte



# Clár


| | |
|---|---|
| Tús Eolais | 10 |
| Luachanna, fís, misean agus cuspóir | 13 |
| **Spriocanna straitéiseacha** | 15 |
| **Sprioc 1** Timpeallacht rathúil taighde sláinte a chruthú | 16 |
| **Sprioc 2** Éiceachóras na dtrialacha cliniciúla in Éirinn a fhorbairt | 20 |
| **Sprioc 3** Fianaise a fhorbairt agus a threorú chun beartas agus cleachtas a fheabhsú | 24 |
| **Sprioc 4** Infheistíocht a dhéanamh i smaointe taighde nuálacha | 28 |
| **Sprioc 5** Tionchar a stiúradh trí chomhpháirtíochtaí taighde straitéiseacha | 31 |
| **Cumasóirí corparáideacha** | 35 |
| Rath a mheas | 37 |
| Gníomhú le tiomantas | 42 |

# Tús Eolais

**Nuair a bunaíodh an Bord Taighde Sláinte (BTS) in 1986, tháinig sé ar an bhfód de dheasca riachtanais shoiléire. Ag an am, bhí Éire ar gcúl i gcomparáid le go leor tíortha eile ó thaobh gníomhaíochta taighde, torthaí sláinte, feidhmíocht eacnamaíoch agus beartais phoiblí de – lena n-áirítear i réimse na sláinte agus na tacaíochta sóisialta.**

Leag comhlachtaí ar nós BTS an bunchloch do leasuithe a tháinig ina dhiaidh sin. Tháinig cur chuige bunaithe ar fhianaise i leith beartais chun bheith ina ghné bhunúsach den dul chun cinn a spreag an Tíogar Ceilteach ina dhiaidh sin. Chuaigh forbairt eacnamaíoch agus beartas poiblí chun cinn as lámha a chéile.

### Tráth cinniúnach

Ag dul ar aghaidh 40 bliain, táimid ag feidhmiú i ndomhan an-difriúil. Tá dul chun cinn i réimsí ar nós na sláinte digití agus leigheas pearsantaithe ag tiomáint athrú dearfach, agus nuair a chuirtear i bhfeidhm í le cosaintí cuí, is féidir leas a bhaint as an intleacht shaorga mar fhórsa dearfach.

Ach tá seo ar fad ag tarlú ag tráth cinniúnach do shláinte daoine agus dár gcóras sláinte.

Tá daonra na hÉireann ag fás go mear, agus tá ár bpróifíl dhaonra ag athrú go tapa.

Tá daonra ag dul in aois againn, agus líon méadaitheach daoine ag maireachtáil le míchumas agus le galair ainsealacha amhail ailse agus galar cardashoithíoch; tá friotaíocht in aghaidh frithmhiocróbach agus an t-athrú aeráide ag cur bagairt atá ag dul i méid romhainn; agus tá éagothroime sláinte fós ann.

Tá sláinte na mban, an ghéanómaíocht agus taighde ar ghalair neamhchoitianta fós tearcfhorbartha, agus tá meabhairshláinte daoine faoi bhrú ag an ngeilleagar airdbhunaithe.

### Gníomhú láithreach

Chun dul i ngleic le dúshláin sláinte an lae amárach, tá gá le gníomhú láithreach. Tá fianaise agus sonraí iontaofa riachtanach chun pleanáil éifeachtach a dhéanamh. Sin é an fáth go bhfuil BTS níos tábhachtaí anois ná in am ar bith.

Cumasaíonn ár ról ceannaireachta i dtaighde sláinte agus i bhfianaise cinnteoireacht i gcúram sláinte agus sóisialta chun dul i ngleic le dúshláin amach anseo.

### Tógáil ar a bhfuil bainte amach

Chun é seo a bhaint amach, tógfaidh BTS ar a láidreachtaí. Ní hionann sin agus na rudaí céanna a dhéanamh arís. Ach ciallaíonn sé fanacht solúbtha agus freagrúil do riachtanais an phobail agus lucht déanta beartas. Mar chuid de seo, déanfar rochtain ar thrialacha cliniciúla agus ar staidéir a bhaineann le fianaise ó dhálaí fíorshaoil (RWE) a uasmhéadú i ngach suíomh, i dtimpeallachtaí iontaofa, rialaithe agus sábháilte, i gcomhar le páirtithe leasmhara eile.

Tabharfaimid aghaidh freisin ar an dúshlán lucht saothair taighde na hÉireann a mhéadú, ag comhoibriú le comhpháirtithe chun córas sláinte a chruthú inar féidir le cleachtóirí gairmeacha taighde rathúla a fhorbairt.

Leanfar lenár gcuid oibre chun naisc níos láidre a chruthú agus éiceachóras fianaise níos comhtháite a fhorbairt, chomh maith le leathnú ar ár seirbhísí i sintéis fianaise agus i mbróicéireacht eolais, le fuinneamh úr.

Oibreoimid le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun an cumas sonraí agus fianaise fíor-ama a tháirgeadh a chur chun cinn agus chun mol fianaise a bhunú a dhíreoidh ar ullmhacht do bhagairtí sláinte atá ag teacht chun cinn.

Leathnóimid córais náisiúnta faisnéise sláinte agus feabhsóimid úsáid sonraí trí gheomhapáil ar sholáthar seirbhísí, ag tacú le comhlíonadh na hÉireann leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte (SESS) agus lena rannpháirtíocht sa Chomhlacht Rochtana Sonraí Sláinte (CRSS).

Beidh an obair seo ar fad bunaithe ar chreat láidir rialachais eiticiúil, i gcomhréir le caighdeáin náisiúnta agus an Aontais Eorpaigh (AE), chun a chinntiú go gcosnaítear cearta sonraí daoine go cuí.

### Cur chuige dírithe ar dhaoine

Ón tús, thuig BTS gurbh fhearr dul chun cinn i dtaighde agus i mbeartas cúraim sláinte agus sóisialta a bhaint amach trí chomhoibriú, agus daoine a chur i gcroílár gach rud a ndéanaimid.

Bhí BTS ina cheannródaí maidir le rannpháirtíocht an phobail agus othar (PPI), agus rinne sé bunchloch de chur i gcrích an taighde in Éirinn di. Leanfaimid orainn ag cothú cultúir ina ndéantar taighde le daoine, seachas fúthu amháin.

Nuair a bunaíodh BTS, dúirt ár gcéad chathaoirleach, William A Watts, go mbeadh ár gcóras sláinte san fhadtéarma ag tabhairt le fios an bonn taighde a bheadh mar thaca leis. Daichead bliain ina dhiaidh sin, tá an ráiteas sin fíor fós.

Agus muid ag féachaint chun cinn chuig an gcéad 40 bliain eile, geallaimid díriú ar thaighde a sholáthraíonn tionchar do chách, ag cumasú cinnteoireachta atá bunaithe ar fhianaise iontaofa i spiorad an chomhoibrithe ar fud oileán na hÉireann, an Aontais Eorpaigh (AE) agus níos faide i gcéin. Táimid ag tnúth le todhchaí chuimsitheach thaighde cúraim sláinte agus sóisialta in Éirinn a mhúnlú agus a chumhachtú.



# Luachanna

Tugann ár luachanna ár gcultúr le fios agus múnlaíonn siad é, agus tá siad mar bhonn faoi gach rud a ndéanaimid.

## Tionchar

Táimid tiomanta tionchar dearfach a imirt ar shláinte daoine trí thaighde agus trí fhianaise ar mhaithe leis an leas poiblí.

## Ionchuimsitheacht agus meas

Oibrímid i gcomhar lena chinntiú go gcloistear tuairimí gach duine agus go dtugtar meas orthu.

## Cothromas

Oibrímid chun cothromas sláinte a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí sláinte, lena n-áirítear stádas socheacnamaíoch, aois, inscne, stádas imirce agus míchumas.

## Ceannaireacht

Glacaimid ról ceannaireachta chun cúram sláinte agus sóisialta a chur chun cinn trí thaighde.

## Iontaofacht

Táimid eiticiúil agus trédhearcach inár gcuid oibre chun muinín an phobail a dhaingniú.

## Nuálaíocht agus solúbthacht

Glacaimid le dúshláin agus le deiseanna nua agus freagraímid go héifeachtach ar athrú.

## Díograis agus mórtas

Cothaímid cultúr ina mbíonn daoine díograiseach agus ina mbíonn siad mórtasach as a gcuid oibre.

## Inbhuanaitheacht

Cuirimid cleachtais inbhuanaithe chun cinn go gníomhach chun ár dtionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú.

## Fís

Sláinte níos fearr, beartas eolasbhunaithe, agus cúram feabhsaithe do chách ar fud oileán na hÉireann.

## Misean

Chun ceannaireacht a dhéanamh ar infheistíocht náisiúnta i dtaighde sláinte trí acmhainn a fhorbairt, tacú le sármhaitheas, eitic a chur i gcroílár an obair, agus a chinntiú go n-aistrítear fianaise d'ardchaighdeáin go beartas agus cúram níos fearr.

## Cuspóir

Taighde eiticiúil, den scoth agus cothrom a chur chun cinn a neartaíonn an córas sláinte agus a sholáthraíonn fíorthairbhe don tsochaí.

# Spriocanna straitéiseacha

Chun ár misean a bhaint amach, tá na gníomhaíochtaí laistigh de na spriocanna agus eatarthu nasctha go dlúth lena chéile agus neartaíonn siad a chéile.



# Spriocanna straitéiseacha

Tá cuspóirí straitéiseacha leagtha amach againn don tréimhse 2026–2030 faoi chúig sprioc:

### Sprioc 1 Timpeallacht rathúil taighde sláinte a chruthú

Timpeallacht agus lucht saothair taighde beoga agus ullmhaithe don todhchaí a chruthú don chúram sláinte agus sóisialta

### Sprioc 2 Éiceachóras na dtrialacha cliniciúla in Éirinn a fhorbairt

Éiceachóras éifeachtach agus iomaíoch trialacha cliniciúla a fhorbairt in Éirinn a chuireann torthaí ar fáil d'othair, don chóras sláinte agus don gheilleagar

### Sprioc 3 Fianaise a fhorbairt agus a threorú chun beartas agus cleachtas a fheabhsú

Bonn eolais a chur faoi bheartas agus faoi chleachtas sláinte trí shonraí agus fianaise d'ardchaighdeáin

### Sprioc 4 Infheistíocht a dhéanamh i smaointe taighde nuálacha

An taighde, na smaointe agus na nuálaíochtaí is fearr a mhaoiniú chun cúram sláinte agus sóisialta a fheabhsú agus tacú leis an ngeilleagar

### Sprioc 5 Tionchar a stiúradh trí chomhpháirtíochtaí taighde straitéiseacha

Comhoibriú náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta a chur chun cinn chun dul i ngleic le dúshláin sláinte, cleachtais eiticiúla a chur chun cinn i dtaighde agus i nuálaíocht, agus rannpháirtíocht rathúil a chumasú i gcláir mhaoinithe AE

### Cumasóirí corparáideacha

Barr feabhais eagraíochtúil agus oibriúcháin a bhaint amach

Sprioc 1

# Timpeallacht rathúil taighde sláinte a chruthú

## Timpeallacht agus lucht saothair taighde beoga agus ullmhaithe don todhchaí a chruthú don chúram sláinte agus sóisialta

Teastaíonn na coinníollacha cearta ó thaighde agus ó thaighdeoirí chun go n-éireoidh leo. Beidh BTS i gceannas ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm éiceachórais dhinimiciúil taighde sláinte agus sonraí ar fud oileán na hÉireann. Is trí infheistíocht a dhéanamh i ndaoine, i scileanna, i gcórais agus i rialachas, agus trí thacaíocht don bhonneagar a spreagadh a bhainfear é seo amach.

**Cuirfimid le forbairt lucht saothair láidir taighde agus tacóimid leis chun freastal ar riachtanais chúram sláinte agus sóisialta anois agus amach anseo, ar leibhéal náisiúnta agus domhanda, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Thacaíocht a thabhairt don chéad ghlúin eile de thaighdeoirí feidhmeacha i gcúram sláinte agus sóisialta, le béim ar chur chuige idirdhisciplíneach, trasdiciplíneach agus idirghairmiúil
- Chomhoibriú a dhéanamh leis an bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), le hinstitiúidí ardoideachais, le comhlachtaí oiliúna gairmiúla agus le páirtithe eile chun creataí a fhorbairt agus a thacú le lucht saothair cliniciúil acadúil a chuireann deiseanna ar fáil do ghairmithe cúram sláinte agus sóisialta ag gach céim dá ngairmeacha chun oiliúint taighde agus cleachtas a chomhcheangal
- Infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt acmhainne agus cumais i réimsí ríthábhachtacha amhail bithstaitisticí, eolaíocht iompraíochta, eolaíocht an chur i bhfeidhm, modheolaíocht taighde, sintéis fianaise, agus trí thacú le scileanna na todhchaí a bhaineann leis an gclaochlú digiteach.



**Cuirfimid rochtain ar ardáin agus ar bhonneagair taighde chun cinn agus ar fáil chun taighde agus nuálaíocht i gcúram sláinte agus sóisialta a neartú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Leas a bhaint as ár dtaithí fhairsing chun bearnaí criticiúla a shainaithint agus tionchar a imirt ar mhaoinitheoirí poiblí níos mó agus ar ghníomhaireachtaí rialtais chun infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar agus i seirbhísí taighde inbhuanaithe
- Thacú le dul chun cinn agus aird a tharraingt ar Chomhlacht Rochtana Sonraí Sláinte náisiúnta (faoin Spás Eorpach Sonraí Sláinte), a chumasóidh rochtain shlán, nascadh agus úsáid sonraí sláinte chun críocha taighde agus nuálaíochta
- Oibriú leis an Roinn Sláinte, leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) agus le gníomhaireachtaí eile ar fud oileán na hÉireann chun cur chuige comhchuibhithe i leith bithbhaincéireachta a chur chun cinn a uasmhéadaíonn leas an phobail, a chosnaíonn deontóirí, a chumasaíonn rochtain fhreagrach agus a chinntíonn inbhuanaitheacht fhadtéarmach
- Bhunú agus úsáid nód den Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte (NEEO) in Éirinn a chur chun cinn, chun timpeallacht ildisciplíneach oscailte agus iontaofa a chur ar fáil do thaighdeoirí inar féidir leo sonraí, uirlisí agus seirbhísí do thaighde agus nuálaíocht a fhoilsiú, a aimsiú agus a athúsáid.

**Déanfaimid sármhaitheas a chur chun cinn inár mbeartais agus inár gcleachtais mhaoinithe taighde sláinte, agus tacóimid le cultúr folláin taighde agus nuálaíochta, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Chleachtais fhreagracha measúnaithe taighde a leabú a chuireann sármhaitheas, iontaofacht agus cultúr maith taighde agus nuálaíochta chun cinn, agus trí ár gcuid oibre sa réimse seo a roinnt
- Phrionsabail FAIR (inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheacha agus in-athúsáidte) a chur chun cinn agus rochtain oscailte agus sonraí oscailte a thiomáint trí chomhoibriú agus trí obair i gcomhar le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Phróisis taighde agus córais theicneolaíochta atá nua-aimseartha, éifeachtúil agus a laghdaíonn ualach riaracháin agus dramhaíl a úsáid
- Oibriú le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tionchar a imirt ar chláir oibre beartais taighde atá ag forbairt, agus iad a chur i bhfeidhm agus a mheas, amhail slándáil taighde agus úsáid fhreagrach IS san eolaíocht
- Chlár measúnaithe láidir a chur i bhfeidhm a chuireann fianaise ar fáil maidir le haschuir, torthaí agus tionchair ár gcuid oibre.

**Tacóimid le taighde in Éirinn chun a chinntiú go bhfuil sé eiticiúil, cosanta agus ar mhaithe le leas rannpháirtithe taighde agus an phobail, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Thaighde ar mhaithe leis an leas poiblí a chumasú trí rialacháin agus cosaintí sonraí a chur i bhfeidhm tríd an gCoiste um Dhearbhú Toilithe Taighde Sláinte (CDTTS), le tacaíocht ón Rúnaíocht
- Thacú leis na Coistí Náisiúnta um Eitic Taighde (CNETanna) chun tuairimí láidre náisiúnta ar eitic taighde a sholáthar maidir le taighde cliniciúil ar chógais, ar fheistí leighis agus ar dhiagnóisic, bunaithe ar shaineolas éagsúil fairsing agus ar eolas ó thaithí
- Nósanna imeachta solúbtha a fhorbairt chun freagairt d'éigeandálaí sláinte agus do bhagairtí atá ag teacht chun cinn, agus trí thacú leis na CNETanna agus le CDTTS chun cinntí náisiúnta luathaithe ar eitic agus ar thoiliú a sholáthar, i gcomhréir le treoirlínte náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Threoir náisiúnta dea-chleachtais iontaofa, bunaithe ar shaineolas, a fhorbairt maidir le heitic, toiliú agus rialacháin a thacaíonn le taighdeoirí taighde sábháilte agus eiticiúil a dhéanamh
- Thrédhearcacht a chinntiú i ndáil le hobair CDTTS agus CNETanna, a sheasann leis na caighdeáin is airde d'eitic taighde, de rialachas agus de chosaint sonraí ar mhaithe le leas rannpháirtithe taighde agus an phobail
- Thábhacht rannpháirtíocht othar agus an phobail (ROP) a chur chun cinn in eitic taighde, i gcosaintí toiliú agus i dtaighde sláinte ar an iomlán, trí rannpháirtíocht le heagraíochtaí náisiúnta agus le baill ROP de CDTTS agus de na CNETanna.



Sprioc 2

# Éiceachóras na dtrialacha cliniciúla in Éirinn a fhorbairt

## Éiceachóras éifeachtach agus iomaíoch trialacha cliniciúla a fhorbairt in Éirinn a chuireann torthaí ar fáil d'othair, don chóras sláinte agus don gheilleagar

Tá bonn láidir taighde cliniciúil in Éirinn, le líonra scaipthe saoráidí taighde, le taighdeoirí acadúla den scoth agus le tionscail eolaíochtaí beatha agus teicneolaíochtaí leighis atá iomaíoch ar an leibhéal idirnáisiúnta. Oibreoimid le comhpháirtithe eile chun tacú le trialacha cliniciúla, idir trialacha faoi stiúir taighdeoirí agus trialacha tráchtála, chomh maith le staidéir ar fhianaise ó dhálaí fíorshaoil (RWE), i ngach comhthéacs cúraim sláinte, d'fhonn rochtain daoine ar thrialacha a uasmhéadú i dtimpeallachtaí iontaofa, rialaithe agus sábháilte.

**Oibreoimid le comhpháirtithe chun éiceachóras iomaíoch, solúbtha agus freagrúil trialacha cliniciúla a chruthú a thugann tairbhe d'othair, don chóras cúraim sláinte agus don gheilleagar, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Phlé a dhéanamh leis an Roinn Sláinte agus le gníomhaireachtaí eile faoi choimirce na Comhairle Comhairleach um Thrialacha Cliniciúla (CCTC) chun comhinfheistíocht a dhéanamh i líonra comhordaithe aonad soláthair trialacha a mhéadóidh líon na dtrialacha cliniciúla – idir trialacha tráchtála agus trialacha faoi stiúir taighdeoirí – chomh maith leis an líon daoine ar féidir leo rochtain a fháil ar thrialacha in Éirinn



- Chumas agus acmhainn cleachtóirí agus taighdeoirí a fheabhsú chun an raon iomlán trialacha faoi stiúir taighdeoirí a dhearadh, a dhéanamh, a mhaoirsiú agus tuairisciú orthu, d'fhonn cúram níos sábháilte, níos éifeachtaí agus níos cothroime a sholáthar i réimsí an ghéarchúraim, an chúraim phríomhúil, na sláinte poiblí agus an chúraim phobail
- Infheistíocht a dhéanamh i dtaighde modheolaíochta, in oiliúint agus i gcumas comhairleach chun a chinntiú go bhfuil dearadh trialacha nuálach, láidir agus cuimsitheach mar bhonn faoi chur i gcrích trialacha, agus glacadh le nuálaíochtaí amhail trialacha sonraíbhunaithe agus trialacha díláraithe
- Oibriú le CCTC chun tairseach náisiúnta do mhéadrachtaí agus córas tuairiscithe deais do thrialacha cliniciúla a bhunú, ionas go mbeidh príomhtháscairí feidhmíochta comhsheasmhach ar fud an éiceachórais agus go mbeidh faisnéis faoi thrialacha inrochtana d'othair agus don phobal.

**Méadóimid líon agus cáilíocht na dtrialacha cliniciúla atá ar fáil d'othair in Éirinn, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Mhaoiniú do thrialacha ardchaighdeáin faoi stiúir taighdeoirí a mhéadú ar fud cineálacha agus timpeallachtaí éagsúla
- Thacú le forbairt trialacha ilionaid ardchaighdeáin trí líonraí taighde i réimsí tosaíochta
- Oibriú le comhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta chun trialacha ilnáisiúnta faoi stiúir taighdeoirí a mhaoiniú

- Rannpháirtíocht i dtrialacha cliniciúla agus caighdeáin a chur chun cinn trí pháirt ghníomhach a ghlacadh sa Ghréasán Bonneagair um Thaighde Cliniciúil Eorpach (ECRIN)
- Bheartais agus cleachtais a chur chun cinn lena laghdaítear dramhaíl taighde, lena bhfeabhsaítear luach faisnéiseach trialacha, lena neartaítear tuairisciú trédhearcach agus tráthúil, agus lena gcumasaítear rannpháirtíocht othar agus an phobail (ROP) chomh maith le héagsúlacht agus ionchuimsitheacht i dtrialacha
- Sheirbhís comhairliúcháin réamhaighneachta a chur chun cinn chun tacú leis an bpobal taighde dul i ngleic le ceanglais aighneachta do thuairimí náisiúnta eitice agus do chinntí dearbhaithe toilithe, rud a chuirfidh le cáilíocht agus éifeachtúlacht staidéar taighde a chuirfear ar bun in Éirinn
- Leanúint dár gceannaireacht agus dár ngníomhaíochtaí ar leibhéal Eorpach trí rannchuidiú leis an tionscnamh chun Dlús a chur le Trialacha Cliniciúla san Aontas Eorpach (TDTC AE) agus leis na Comhghníomhaíochtaí faoin gclár EU4Health chun tacú le cur i bhfeidhm na Rialachán um Thrialacha Cliniciúla agus an Córas Faisnéise maidir le Trialacha Cliniciúla (CFTC), ar mhaithe le córas éifeachtach trialacha cliniciúla náisiúnta agus ar fud an Aontais Eorpaigh.

**Cuirfimid córas láidir, trédhearcach agus dinimiciúil náisiúnta um athbhreithniú eitice taighde chun cinn i réimsí rialáilte taighde cliniciúil, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Thuairim náisiúnta aonair ar eitic taighde a sholáthar do thaighde cliniciúil rialáilte trí obair na hOifige Náisiúnta agus CNETanna a dtugann sí tacaíocht dóibh, agus trí éifeachtúlachtaí sruthlínithe a chinntiú leis an bpróiseas dearbhaithe toilithe de chuid CDTTS, de réir mar a bhíonn gá leis
- oibriú leis an Údarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) chun cinntí náisiúnta iontaofa, comhordaithe a sholáthar maidir le taighde cliniciúil ar chógais, ar fheistí leighis agus ar dhiagnóisic laistigh de na tréimhsí ama atá forordaithe ag rialacháin an Aontais Eorpaigh
- Oibríochtaí náisiúnta measúnaithe eitice taighde atá solúbtha agus éifeachtúil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar fhreagairt ar Rialacháin nua an Aontais Eorpaigh; Gníomh um an mBith-theicneolaíocht; agus na Rialacháin um Shimpliú do fheistí leighis agus do fheistí diagnóiseacha *in vitro*
- Chreat a fhorbairt chun measúnú náisiúnta comhordaithe a sholáthar do staidéir iltíre a chomhcheanglaíonn cógais, feistí leighis agus diagnóisic, i gcomhar le ÚRTS agus le CNETanna.



Sprioc 3
# Fianaise a fhorbairt agus a threorú chun beartas agus cleachtas a fheabhsú

## Bonn eolais a chur faoi bheartas agus faoi chúram sláinte agus sóisialta trí shonraí agus fianaise d'ardchaighdeáin

Déanfaidh BTS taighde a mhaoiniú agus déanfaidh sé anailís ar shonraí agus sintéisiú fianaise chun fianaise iontaofa a ghiniúint a chuireann bonn eolais faoi bheartas cúraim sláinte agus sóisialta, pleanáil seirbhísí agus cúram líne thosaigh. Cuirfimid cur chuige nuálach chun cinn chun sonraí, taighde agus fianaise a chomhchruthú, a aistriú agus a scaipeadh, agus cinnteoireacht i mbeartas agus i gcleachtas a chumhachtú.

**Feabhsóimid ár mbonneagar faisnéise sláinte chun tacú le beartas, le pleanáil seirbhísí agus le cleachtas i gcúram sláinte agus sóisialta i réimsí na meabhairshláinte, an mhíchumais agus na ndrugaí agus an alcóil, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Réimsí speisialtóireachta chórais náisiúnta faisnéise sláinte BTS – meabhairshláinte, míchumas agus drugaí agus alcól – agus an ghníomhaíocht taighde a bhaineann leo a leathnú, i gcomhar lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, chun a chinntiú go n-úsáidtear iad mar fhianaise chun tacú le straitéis, beartas agus pleanáil seirbhísí náisiúnta sna réimsí sin
- Infheistíocht a dhéanamh i dteicnící staidrimh nuálacha agus i léirshamhlú sonraí, lena n-áirítear geomhapáil agus IS, chun inúsáidteacht na gcóras náisiúnta faisnéise sláinte a fheabhsú agus tacú le taighde, beartas agus cleachtas i gcúram sláinte agus sóisialta



- Thacú le cur chuige caighdeánbhunaithe maidir le bainistiú faisnéise agus cáilíocht sonraí, chun a chinntiú gur foinse iontaofa é BTS i soláthar príomhfhaisnéise sláinte, lena n-áirítear a hin-aimsitheacht trí chatalóg náisiúnta tacar sonraí sláinte
- Cháil a thuilleamh do BTS mar choimeádaí sonraí iontaofa mar chuid den Spás Eorpach Sonraí Sláinte (SESS), le cumas teicniúil do phróiseáil shlán chun rochtain ar shonraí agus nascadh sonraí a chumasú chun críocha taighde tánaisteach agus do bheartas agus cleachtas
- Oibriú leis an Roinn Sláinte, le FSS agus le páirtithe eile chun tacú le digitiú sonraí i seirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta sa phobal agus a n-acmhainneacht taighde a chur chun cinn i ndáil le *Digital for Care: Creat Sláinte Digiteach d'Éirinn 2024-2030.*

**Cinnteoimid go gcuireann fianaise BTS bonn eolais faoi bheartas agus cleachtas cúraim sláinte agus sóisialta laistigh d'éiceachóras comhordaithe fianaise, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Lárionad tiomnaithe fianaise a chur ar fáil ina bhfuil foireann idirghabhála eolais agus sintéise taighde, leabharlann náisiúnta drugaí, agus clár taighde ar alcól agus ar dhrugaí, chun táirgí agus seirbhísí fianaise saincheaptha a sholáthar do phríomhpháirtithe leasmhara
- Thacú leis an bpobal sintéise fianaise ar oileán na hÉireann agus é a neartú agus a nascadh trí Evidence Synthesis Ireland, chomh maith le haird a tharraingt ar shintéis fianaise a mhéadú i measc an phobail, cleachtóirí cúraim sláinte agus sóisialta agus lucht déanta beartas

- Scileanna a fhorbairt i gcoimisiúnú, i léirmhíniú agus in úsáid cineálacha éagsúla fianaise, chomh maith le hidirghabháil eolais
- Infheistíocht a dhéanamh i modhanna sintéise fianaise agus in anailís ar thionchar buiséadach agus eacnamaíoch chun forbairt treoirlínte cliniciúla náisiúnta tosaíochta agus táirgí fianaise eile a threorú
- Lárionad Sintéise Fianaise a bhunú chun modhanna nua a fhorbairt agus a úsáid chun tacú le fianaise taighde shintéisithe atá tráthúil agus ábhartha ó gach cuid den éiceachóras fianaise do lucht cinnteoireachta le linn céimeanna ullmhúcháin agus freagartha ar bhagairtí nua ar shláinte phoiblí
- Oibriú i gcomhpháirt le maoinitheoirí agus líonraí idirnáisiúnta chun úsáid shábháilte agus fhreagrach uirlisí cumasaithe ag IS agus córas sonraí oscailte a chur chun cinn a thacaíonn le sintéis fianaise, lena n-áirítear sintéisí fianaise beo.

**Maoineoimid taighde ardchaighdeáin a sholáthraíonn fianaise láidir, ábhartha, tráthúil, inrochtana agus in-úsáidte i réimsí a thugann lucht déanta beartas tús áite dóibh, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Oibriú leis an Roinn Sláinte chun tionscadail a lorg, a mhaoiniú agus a bhainistiú tríd an gClár Taighde 'Fianaise-ar-Beartas' nó trí mheicníochtaí eile de réir mar is gá
- Dheiseanna comhoibrithe agus comhmhaoinithe a phlé le FSS agus le comhpháirtithe eile chun tacú le taighde atá bunaithe ar riachtanais seirbhíse agus dírithe ar chur i bhfeidhm
- Thosaíocht a thabhairt do thaighde (mar aon le forbairt acmhainne gaolmhaire) agus tacú leis chun bonn eolais a chur faoi spriocanna claochlaithe Shláintecare a mheasúnú agus a threorú, amhail cúram sláinte uilíoch; cúram a aistriú go timpeallachtaí príomhchúraim agus pobail; rochtain agus cáilíocht fheabhsaithe; laghdú ar liostaí feithimh; athchóiriú an lucht saothair; agus luasghéarú na sláinte digití
- Ghrúpa ionadaíoch náisiúnta i dtaighde ar sheirbhísí, ar chórais agus ar bheartas sláinte a thabhairt le chéile chun ionchur a sholáthar i dtopaicí taighde don chomhpháirtíocht Transforming Health and Care Systems agus chun beartas agus cleachtas a fhorbairt bunaithe ar na torthaí
- Chomhoibriú tras-earnálach agus cur chuige uile-rialtais a chur chun cinn i dtionscnaimh fianaise-ar-bheartas agus i nascadh sonraí, chun cinnte a dhéanamh go gcuimsítear réimsí a théann trasna sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus an chomhshaoil.




**Ag aithint an chaidrimh dhá bhealach atá idir taighde agus beartas, cuirfimid rannpháirtíocht idir taighdeoirí agus lucht cinnteoireachta chun cinn agus déanfaimid éascaíocht uirthi chun an bhearna idir taighde agus beartas a laghdú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Aird a tharraingt ar an bpróiseas ceaptha beartais i measc taighdeoirí agus trí threoir a chur ar fáil dóibh maidir lena chur i bhfeidhm ina gcuid taighde
- Thacaíochtaí a chur ar fáil do lucht déanta beartas chun bearnaí fianaise a shainaithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh, agus chun iad a aistriú ina gceisteanna taighde
- Chumas a fhorbairt i scileanna measúnaithe criticiúla i measc lucht cinnteoireachta i gcúram sláinte agus sóisialta, chun cur lena gcumas iontaofacht, cáilíocht agus ábharthacht na fianaise a úsáidtear i gcinnteoireacht i gcomhthéacsanna ar leith a mheas
- Éascaíocht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí nuálacha idirghabhála eolais idir an pobal ceaptha beartais agus táirgeoirí fianaise, agus tacú leo, chun naisc agus caidrimh fhadtéarmacha a chothú agus chun aistriú agus glacadh le fianaise a bharrfheabhsú
- Chinntiú go gcuirtear san áireamh guthanna, taithí agus luachanna an phobail, othar, carthanas agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta in éineacht le fianaise eolaíoch.

Sprioc 4
# Infheistíocht a dhéanamh i smaointe taighde nuálacha

## An taighde, na smaointe agus na nuálaíochtaí is fearr a mhaoiniú

Mar phríomh-mhaoinitheoir taighde sláinte in Éirinn, tacaíonn BTS leis an taighde, na smaointe agus na nuálaíochtaí is fearr chun cúram sláinte agus sóisialta a fheabhsú agus chun an córas cúraim sláinte a neartú. Le béim ar shármhaitheas agus ar ábharthacht, maoineoimid meascán de ghlaonna 'ón mbun aníos' agus de ghlaonna téamacha a mhéadóidh líon na mbriseadh nua a bhfuil cumas acu tionchar fiúntach a imirt ar thorthaí sláinte daoine. Táimid tiomanta do chomhchruthú taighde le daoine, othair, cúramóirí agus pobail a bhfuil taithí saoil acu.

**Tacóimid le taighde nuálach faoi stiúir taighdeoirí, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Mhaoiniú a chur ar fáil do na smaointe agus na nuálaíochtaí is fearr a mholann taighdeoirí, lena n-áirítear nuálaíochtaí modheolaíochta, chun smaointe nua a ligeann leis agus torthaí nó réitigh nuálacha a shaothrú a d'fhéadfadh glaonna téamacha a fhágáil ar lár
- Thionscnaimh a chur i bhfeidhm chun úsáid sonraí tánaisteacha, IS agus anailísíocht sonraí móra a chur chun cinn agus a chur lena dtionchar ar thaighde agus nuálaíocht i gcúram sláinte agus sóisialta
- Thionscnaimh a phlé a chuireann taighde géanómaíochta ceannródaíoch atá ar thús cadhnaíochta sa domhan, atá comhtháite le seirbhísí géanómaíochta cliniciúla, agus a chuireann dlús le diagnóis agus a fheabhsaíonn torthaí othar
- Chomhoibriú le maoinitheoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta a ghlacadh chun tionscadail níos mó agus níos uaillmhianaí a chumasú agus/nó chun bearnaí a laghdú idir maoinitheoirí agus ar fud an leanúntais taighde ó fhionnachtain go cleachtas (agus ar ais arís).



**Tacóimid le taighde sláinte i réimsí téamacha dírithe ar thionchar beartais agus seirbhíse a bhaint amach, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Ár n-infheistíochtaí a leathnú le comhpháirtithe eile, lena n-áirítear an Roinn Sláinte, FSS agus carthanais taighde sláinte, chun taighde den scoth agus nuálach a chur chun cinn atá dírithe ar thosaíochtaí náisiúnta agus domhanda
- Oibriú le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ar fud an rialtais chun a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm cur chuige comhordaithe, ar scála agus freagrúil i leith taighde agus fianaise faoin gcur chuige 'One Health'
- Oibriú le taighdeoirí, lucht déanta beartais, carthanais, grúpaí pobail agus an pobal chun tacú le taighde a thugann aghaidh ar na tosca níos ginearálta a mbíonn tionchar acu ar shláinte agus a chuireann cothromas agus ionchuimsitheacht chun cinn
- Thacú le líonraí taighde comhoibríocha a thabhairt le chéile chun díriú ar fhadhbanna tábhachtacha, faisnéis a mhalartú, taighde a chur chun cinn agus dlús a chur le haistriú torthaí isteach i mbeartas agus i gcleachtas.



**Beidh rannpháirtíocht an phobail, othar, cúramóirí agus pobail lárnach inár gcuid gníomhaíochtaí maoinithe go léir, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- ROP a leabú mar riachtanas lárnach ar fud ár gclár uile
- Leanúint dár ról ceannaireachta i gcur chun cinn gníomhaíochtaí nuálacha ROP agus an bonneagair a fhágann go mbíonn siad fiúntach agus go mbionn tionchar acu
- Ár gcomhpháirtíochtaí a neartú le daoine a bhfuil taithí saoil acu, cúramóirí, grúpaí othar agus pobail, agus grúpaí nach gcloistear a nguth go minic, chun a chinntiú go gcloistear a nguthanna ar feadh shaolré iomlán an taighde, ón gcomhchruthú go glacadh agus úsáid
- Rannpháirtithe ROP a áireamh ar phainéil athbhreithnithe agus ar ghrúpaí rialachais
- Mhodhanna cuimsitheacha a chur chun cinn agus maoiniú a chur ar fáil do thaighdeoirí chun a gcuid taighde a chur chun cinn agus a scaipeadh i bhfoirm achoimrí i dteanga shimplí
- Mheasúnú a dhéanamh ar thionchar ár ngníomhaíochtaí ROP agus é a fhoilsiú.

Sprioc 5
# Tionchar a stiúradh trí chomhpháirtíochtaí taighde straitéiseacha

## Comhoibriú náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta a chur chun cinn chun dul i ngleic le dúshláin sláinte, cleachtais eiticiúla a chur chun cinn i dtaighde agus i nuálaíocht, agus rannpháirtíocht rathúil a chumasú i gcláir mhaoinithe AE

Comhoibríonn BTS go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun tionchar a imirt ar bheartas agus chun dul i ngleic le dúshláin chomhroinnte i gcúram sláinte agus sóisialta a sháraíonn teorainneacha. Glacfaimid cur chuige 'uile-oileáin' chun tírdhreach taighde sláinte níos comhtháite, níos straitéisí agus a bhfuil tionchar níos mó aige a chruthú. Cuirfimid le forbairt beartais náisiúnta agus múnlóimid timpeallacht taighde solúbtha a fhreagraíonn do riachtanais reatha agus do riachtanais atá ag teacht chun cinn.

**Oibreoimid le comhpháirtithe rialtais chun éiceachóras taighde agus nuálaíochta in Éirinn atá iomaíoch ar an leibhéal domhanda a chur chun cinn, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Oibriú le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais chun cur le spriocanna comhroinnte agus chun príomhchláracha oibre a chur chun cinn in *Impact 2030: Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann*
- Chinntiú go gcuireann ár n-infheistíochtaí le cur chun cinn cuspóirí níos ginearálta an rialtais, mar shampla iad siúd atá san áireamh i *gClár an Rialtais 2025: Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú, An Plean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2005-2035* agus *Plean Gníomhaíochta maidir le hIomaíochas agus Táirgiúlacht*
- Thacú le forbairt straitéise na n-eolaíochtaí beatha in Éirinn agus trí oibriú le páirtithe eile, amhail gníomhaireachtaí, chun lánacmhainneacht a bhaint amach d'othair, don chóras cúraim sláinte agus don gheilleagar



- Chomhoibriú leis an Roinn Sláinte agus le gníomhaireachtaí rialtais eile chun forbairt córas náisiúnta éifeachtach agus solúbtha um eitic taighde a iniúchadh do thaighde neamh-rialáilte agus taighde ilionaid, chomh maith le réimsí taighde atá tábhachtach ó thaobh straitéise náisiúnta de, trí chur chun cinn an Bhille CNET 2019 a chur chun cinn
- Oibriú leis an Roinn Sláinte, leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus le páirtithe leasmhara eile chun na Rialacháin um Thaighde Sláinte agus creatlaí reachtúla ábhartha eile a athbhreithniú, chun a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach agus réidh don todhchaí do thaighdeoirí, d’othair agus don phobal.

**Cuirfimid comhoibriú uile-oileáin i dtaighde agus i nuálaíocht sláinte chun cinn, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Chomhoibriú le maoinitheoirí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart na hÉireann chun cur chuige uile-oileáin i leith taighde agus nuálaíochta a chur chun cinn, le tairbhí nithiúla d’othair, do phobail agus do chórais soláthair cúraim sláinte
- Dheiseanna a iniúchadh le comhpháirtithe i gcóras taighde agus nuálaíochta na Ríochta Aontaithe chun infheistíochtaí spriocdhírithe agus tionchair i dtaighde sláinte a chur chun cinn.

**Tacóimid le pobal taighde sláinte, lucht ceaptha beartas agus contrapháirtithe seachadta seirbhíse na hÉireann dul san iomaíocht go díreach i gcláir mhaoinithe an AE, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Leanúint de ról an toscaire náisiúnta do shláinte a chomhlíonadh laistigh de chlár Horizon Europe, ag obair mar chuid den Líonra Tacaíochta Náisiúnta agus le toscairí ó Bhallstáit eile an Aontais Eorpaigh chun tionchar a imirt ar chláir oibre do thaighde sláinte laistigh de chlár taighde fhorleathan Horizon Europe

- Aird a tharraingt agus tacaíocht a chur ar fáil do phobal taighde na hÉireann chun páirt a ghlacadh i gclár maoinithe Horizon Europe, trí ról an Phointe Teagmhála Náisiúnta
- Aird a tharraingt ar an gClár EU4Health agus tacaíocht a chur ar fáil do lucht déanta beartas, do chomhghleacaithe i soláthar seirbhísí agus do thaighdeoirí chun páirt a ghlacadh ann, trí ról an Phointe Fócasach Náisiúnta.

**Leabóimid comhoibriú idirnáisiúnta mar phríomhthosaíocht straitéiseach chun dlús a chur le taighde agus é a leathnú, cumas a fhorbairt agus dul i ngleic le spriocanna nó dúshláin chomhroinnte, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Pháirt a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí ceannródaíocha an Aontais Eorpaigh a bhaineann leis an tsláinte, agus tacú le rannpháirtíocht na hÉireann iontu, chun cláir oibre straitéiseacha taighde agus nuálaíochta a chur chun cinn i réimsí tábhachtacha amhail galair neamhchoitianta, claochlú córas sláinte agus cúraim, ullmhacht do phaindéimí agus an cur chuige 'One Health'
- Leanúint de ról BTS mar Phointe Fócasach Náisiúnta don Ghníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) agus dá chonradh bliantúil, chun tacú le taighde ar úsáid drugaí agus ar na díobhálacha gaolmhara, agus trí chóras luathrabhaidh a fhorbairt i gcomhar le Ballstáit eile an Aontais Eorpaigh chun ullmhú don bhagairt ó dhrugaí nádúrtha agus shintéiseacha sícighníomhacha nua agus atá ag teacht chun cinn in athuair
- Dheiseanna a shaothrú le comhpháirtithe idirnáisiúnta ina bhféadfaidh comhoibrithe réimsí taighde tosaíochta a chur chun cinn, forbairt acmhainne chómhalartach a chur chun cinn agus cothromas agus tionchar a bhaint amach
- Dheiseanna comhpháirtíochta a aithint agus a iniúchadh chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, rúin na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) agus creatlaí idirnáisiúnta eile, agus chun tionchar comhordaithe a chinntiú.

**Oibreoimid lenár gcomhpháirtithe náisiúnta agus AE chun cleachtais eitice agus cosanta sonraí is fearr agus comhchuibhithe a chur chun cinn do thaighde rialáilte agus ar fud gach earnáil cúraim sláinte agus sóisialta, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Rialacháin chomhchuibhithe an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm go náisiúnta chun córas náisiúnta intuartha agus éifeachtach um eitic taighde ar chógais, ar fheistí leighis agus ar dhiagnóisic a chinntiú, trí oibriú le Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus trí ár rannpháirtíocht i MedEthicsEU agus i ngrúpaí comhordaithe eile an Aontais Eorpaigh
- Oibriú i gcomhar le comhlachtaí Eorpacha ar nós an Líonra Eorpach um Choistí Eitice Taighde agus na Comhairlí Náisiúnta Eitice chun cleachtais agus eolas eitice is fearr a fhorbairt agus a roinnt ar fud gach earnáil, lasmuigh den taighde sláinte chomh maith
- Chomhoibriú le Taighde agus Forbairt FSS, leis an gcóras níos ginearálta coistí eitice taighde agus le líonraí eile in Éirinn chun cleachtais eitice is fearr a chomhchuibhiú agus a roinnt, lena n-áirítear cosaintí cosanta sonraí sláinte.



# Cumasóirí corparáideacha

**Tá sármhaitheas eagraíochtúil agus oibríochtúil, lena n-áirítear i rialachas, i gcumarsáid, in acmhainní daonna (AD), i mbainistíocht airgeadais agus i dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC), ríthábhachtach chun ár straitéis a chur i bhfeidhm agus a chur i gcrích.**

**Sna cúig bliana amach romhainn, cuirfimid na gníomhartha eagraíochtúla seo a leanas i bhfeidhm chun ár ngníomhaíochtaí agus ár seirbhísí a chlaochlú, a athrú, a choinneáil ar bun agus a fheabhsú go leanúnach.**

**Déanfaimid cumarsáid a dhéanfaidh tionchar, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Trí aird a tharraingt ar obair BTS, ar a thionchar, ar a chumhacht agus ar a uathúlacht
- Ár seasamh mar fhoinse inchreidte taighde sláinte, sonraí agus fianaise a choinneáil ar bun
- Bhonneagar cumarsáide a fheabhsú chun tacú le teachtaireachtaí
- Bhaill foirne a chumasú chun cumarsáid a dhéanamh le tionchar.

**Cruthóimid cultúr eagraíochtúil dearfach agus cinnteoimid go mbeidh na scileanna agus na deiseanna forbartha ag daoine chun freastal ar riachtanais an ghnó, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Phróiseas éifeachtach agus réamhghníomhach earcaíochta, roghnúcháin, coinneála agus pleanála lucht saothair a chur i bhfeidhm, ag leabú cultúr comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta, agus ag tacú le hiompar gairmiúil i ngach gné d'obair BTS
- Chlár foghlama agus forbartha a chur i bhfeidhm chun cumas agus feidhmíocht ár bhfoirne a uasmhéadú
- Chreat láidir sláinte agus folláine a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Thionscnaimh i leith saoráidí agus inbhuanaitheachta comhshaoil a chur i bhfeidhm i gcomhréir le rialacháin agus le riachtanais an ghnó.

**Cinnteoimid go mbeidh faisnéis airgeadais thráthúil agus chruinn ar fáil chun luach ar airgead a bhaint amach agus cinnteoireacht a bharrfheabhsú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Fhaisnéis airgeadais chruinn agus thráthúil a chur ar fáil do gach páirtí leasmhar
- Thacú le soláthar agus bainistiú conarthaí atá éifeachtach agus inbhuanaithe
- Ioncam agus caiteachas deontais agus neamh-dheontais a bhainistiú chun comhlíonadh reachtaíochta, rialachán agus treoirlínte a chinntiú
- Oibriú le maoinitheoirí eile agus le faighteoirí maoinithe chun maoirseacht láidir a chinntiú agus chun an timpeallacht rialaithe airgeadais a fheabhsú go leanúnach.

**Cinnteoimid TFC nuálach agus cibearshlán, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Sheirbhís TFC fhreagrúil a sholáthar
- Chleachtais agus réitigh cibearshlándála ceannródaíocha a chur i bhfeidhm agus a chothabháil
- Úsáid straitéiseach a bhaint as ríomhaireacht néalbhunaithe
- Bhonneagar TF den scoth agus próisis bhainistíochta sonraí ar ardleibhéal saineolais a fhorbairt agus a choinneáil ar bun
- Trí réitigh IS a chur i bhfeidhm chun próisis a bharrfheabhsú, cinnteoireacht a fheabhsú agus nuálaíocht a spreagadh
- Nuálaíochtaí teicneolaíochta a thabhairt isteach a thacaíonn leis an eagraíocht.

**Coinneoimid struchtúir agus próisis láidre rialachais ar bun, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Chloí leis an gCód Cleachtais um Rialáil na mBord Stáit agus leis an reachtaíocht ábhartha ar fad
- Trí phróisis fhreagrúla agus éifeachtacha a leabú do rialachas sonraí, lena n-áirítear ceanglais faoi chosaint sonraí, saoirse faisnéise agus ceisteanna parlaiminte
- Chreat éifeachtach bainistíochta riosca, creat bainistíochta IS agus clár iniúchta inmheánaigh a chur chun feidhme
- Thacú le forbairt, rianú agus tuairisciú ar fheidhmíocht eagraíochtúil.



# Rath a mheas

**Le linn thréimhse na straitéise, déanfaimid monatóireacht agus meastóireacht leanúnach ar an dul chun cinn i dtaca lenár spriocanna ag baint úsáid as tacar sainithe príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna). Roghnaíodh na PTFanna seo bunaithe ar cheithre phríomhchritéar: a n-ábharthacht don Bhord agus do thuairisciú seachtrach; an cumas bunlínte agus spriocanna a shocrú; méid an smachta nó an tionchair atá ag BTS; agus indéantacht sonraí.**

Mar chuid de chur i bhfeidhm na straitéise, forbróimid creat oibríochtaithe do PTFanna a leagfaidh amach bunluachanna agus a shocróidh spriocanna feidhmíochta nuair is cuí. Chun feidhmíocht a chur i gcomhthéacs, féachfaimid le tagarmharcáil a dhéanamh ar ár dtáscairí chun iad a chur i gcomparáid le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta nuair is indéanta agus fiúntach a leithéid de thagarmharcáil a dhéanamh. Cé go n-úsáidfear tacar níos leithne táscairí inmheánacha chun cur i bhfeidhm leanúnach na straitéise a rianú, leanfaidh tuairisciú ar PTFanna ardleibhéil seo ráta a chomhaontófar le Bord BTS.

Cuirtear na PTFanna i láthair sa tábla thíos, eagraithe de réir sprioc agus cuspóra straitéisigh, agus tugtar míniú leo ar an gcúis ar roghnaíodh gach táscaire. Cuimsíonn roinnt PTFanna na cúig sprioc uile agus cuirtear i láthair iad mar tháscairí trasréimseacha.

| Sprioc | Cuspóir straitéiseach | Príomhtháscaire feidhmíochta | Cúis go bhfuil sé curtha san áireamh |
|---|---|---|---|
| 1 **Timpeallacht rathúil taighde sláinte a chruthú** | Tógfaimid agus tacóimid le lucht saothair láidir taighde chun freastal ar riachtanais náisiúnta, domhanda agus amach anseo i gcúram sláinte agus sóisialta | **1.1** Sciar agus cineál na dtaighdeoirí cúraim sláinte agus sóisialta atá fós gníomhach sa taighde dhá bhliain tar éis dóibh a ndeontas BTS a chríochnú<br><br>**1.2** Sciar de chomhaltaí arna maoiniú ag BTS a théann ar aghaidh chuig poist chliniciúla-acadúla nó chuig róil acadúla faoi chosaint | Táscaire láidir ar chumas buan an lucht saothair taighde a fhaigheann tacaíocht ó infheistíocht BTS<br><br>Rianaítear dul chun cinn gairme comhaltaí arna maoiniú ag BTS leis agus is táscaire tábhachtach é ar chumas an chórais tacú le lucht saothair acadúil cliniciúil |
| | Cuirfimid sármhaitheas chun cinn inár mbeartais agus inár gcleachtais mhaoinithe taighde sláinte agus tacóimid le cultúr dearfach taighde agus nuálaíochta | **1.3** Céatadán d'fhoilseacháin piarmheasúnaithe a fhaigheann tacaíocht ó BTS agus a fhoilsítear thar thréimhse leanúnach cúig bliana atá rochtain oscailte orthu | Tá an táscaire seo dlúthceangailte le hiarrachtaí BTS chun tacú le prionsabail FAIR agus le sonraí oscailte, agus tá sé ag teacht le beartas rochtana oscailte BTS |
| | Tacóimid le taighde a dhéantar in Éirinn chun a chinntiú go bhfuil sé eiticiúil, cosanta agus ar mhaithe le leas rannpháirtithe taighde agus an phobail | **1.4** Líon na dtuairimí náisiúnta um eitic taighde agus na ndearbhuithe toilithe a eisítear go tráthúil, comhordaithe ar fud bhallraíocht éagsúil na CNETanna agus CDTTS, i gcomhréir le rialacháin agus le nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha (SOPanna) | Léirítear leis sin tráthúlacht agus líon na n-aschur ón Oifig Náisiúnta agus ón Rúnaíocht |

| Sprioc | Cuspóir straitéiseach | Príomhtháscaire feidhmíochta | Cúis go bhfuil sé curtha san áireamh |
|---|---|---|---|
| 2 **Éiceachóras na dtrialacha cliniciúla in Éirinn a fhorbairt** | Méadóimid líon agus cáilíocht na dtrialacha cliniciúla atá ar fáil d'othair in Éirinn | **2.1** Líon na n-othar agus na rannpháirtithe atá cláraithe i dtrialacha cliniciúla d'ardchaighdeáin in Éirinn (imdhealaithe de réir trialacha tráchtála agus trialacha cliniciúla faoi stiúir taighdeoirí) | Léiríonn méadú ar an táscaire seo le himeacht ama méadú ar rochtain ar thrialacha cliniciúla don phríomhthairbhí – othair agus rannpháirtithe |
| 3 **Fianaise a fhorbairt agus a threorú chun beartas agus cleachtas a fheabhsú** | Feabhsóimid ár mbonneagar faisnéise sláinte chun tacú le beartas, le pleanáil seirbhísí agus le cleachtas i gcúram sláinte agus sóisialta i réimsí na meabhairshláinte, an mhíchumais agus na ndrugaí agus an alcóil | **3.1** Sciar d'úsáideoirí bhunachair shonraí an Chórais Náisiúnta Faisnéise Sláinte (NHIS) a mheasann luach na sonraí agus na dtáirgí a eascraíonn astu mar ard nó an-ard | Tomhaistear leis seo luach agus úsáideacht bhunachair shonraí agus tháirgí NHIS de réir mar a mheasann príomhúsáideoirí iad |
| | Cinnteoimid go gcuireann fianaise BTS bonn eolais faoi bheartas agus cleachtas cúraim sláinte agus sóisialta laistigh d'éiceachóras comhordaithe fianaise | **3.2** Dul chun cinn i soláthar agus i gcumas sintéise fianaise, tomhaiste de réir cloí le sceideal agus de réir fás i líon na ndaoine a bhfuil oiliúint acu i bpleanáil, i soláthar agus in úsáid sintéisí fianaise | Tomhaistear leis seo feabhsuithe ar thráthúlacht sholáthar sintéise fianaise agus ar fhás na scileanna is gá chun fianaise a tháirgeadh agus a chur i bhfeidhm |
| 4 **Infheistíocht a dhéanamh i smaointe taighde nuálacha** | Tacóimid le taighde nuálach faoi stiúir taighdeoirí | **4.1** Céatadán d'fhoilseacháin arna maoiniú ag BTS a fhoilsítear thar thréimhse leanúnach cúig bliana a bhfuil innéacs lua de réir réimse ≥1 acu | Tomhaistear leis seo cáilíocht na bhfoilseachán athbhreithnithe piaraí trí mhéadracht atá normalaithe de réir réimse |
| | Tacóimid le taighde sláinte i réimsí téamacha dírithe ar thionchar beartais agus seirbhíse a bhaint amach | **4.2** Céatadán den mhaoiniú BTS a cheadaítear go bliantúil atá téamach nó spriocdhírithe | Is táscaire láidir é seo ar chomhghuaillíocht an taighde mhaoinithe le tosaíochtaí náisiúnta agus domhanda |

| Sprioc | Cuspóir straitéiseach | Príomhtháscaire feidhmíochta | Cúis go bhfuil sé curtha san áireamh |
|---|---|---|---|
| 5<br>**Tionchar a stiúradh trí chomh-pháirtíochtaí taighde straitéiseacha** | Tacóimid le pobal taighde sláinte, lucht ceaptha beartas agus contrapháirtithe seachadta seirbhíse na hÉireann dul san iomaíocht go díreach i gcláir mhaoinithe AE | **5.1** Rátaí ratha iomaíocha in iarratais ar mhaoiniú taighde sláinte an Aontais Eorpaigh a choinneáil ard trí thionchar a imirt ar chláir oibre agus trí thacaíocht shaineolach a chur ar fáil | Is táscaire láidir é rátaí ratha iarratasóirí ó Éirinn ar mhaoiniú taighde sláinte an Aontais Eorpaigh ar thionchar thacaíocht shaineolach BTS |
| | Leabóimid comhoibriú idirnáisiúnta mar phríomhthosaíocht straitéiseach chun dlús a chur le taighde agus é a leathnú, cumas a fhorbairt agus dul i ngleic le spriocanna nó dúshláin chomhroinnte | **5.2** Méadú ar chomhinfheistíocht ó chomhpháirtithe an Aontais Eorpaigh agus idirnáisiúnta | Tugann sé comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus tionchar níos láidre le fios |
| | Oibreoimid lenár gcomhpháirtithe náisiúnta agus AE chun cleachtais eitice agus cosanta sonraí is fearr agus comhchuibhithe a chur chun cinn do thaighde rialáilte agus ar fud gach earnáil cúraim sláinte agus sóisialta | **5.3** Líon agus cineál na rannpháirtíochtaí náisiúnta agus AE le ceannaireacht na hOifige Náisiúnta agus na Rúnaíochta chun creatlaí rialála éifeachtacha a chur chun cinn do na caighdeáin is airde eitice agus cosanta | Tomhaistear leis seo an cheannaireacht a sholáthraíonn BTS chun caighdeáin eitice agus cosanta a chur chun cinn. |

| Sprioc | Cuspóir straitéiseach | Príomhtháscaire feidhmíochta | Cúis go bhfuil sé curtha san áireamh |
|---|---|---|---|
| **Trasréimseach** | Trasréimseach | **C.1** Méid breise maoinithe a ghiaráiltear ag BTS ó fhoinsí seachtracha in aghaidh gach €1 d'infheistíocht BTS | Táscaire láidir ar an mbreisluach a bhaineann le hinfheistíocht BTS |
| | | **C.2** Leibhéal ard rannpháirtíochta an phobail agus othar (ROP) comhtháite i ngníomhaíochtaí BTS. ((táscaire comhcheangailte) | Tomhaistear leis seo leibhéal chomhtháthú ROP i bpríomhghníomhaíochtaí BTS, lena n-áirítear maoiniú deontas, coistí toilithe agus eitice, agus grúpaí oibre CNES. |
| | | **C.3** Líon na gcásanna, tomhaiste go bliantúil, ina n-úsáidtear aschuir taighde a fhaigheann tacaíocht ó BTS chun reachtaíocht, beartas agus feabhsú cleachtais a threorú | Tomhaistear leis seo tionchar fíorshaoil an taighde a mhaoiníonn agus a sholáthraíonn BTS |

In éineacht leis na PTFanna, cuirfimid fianaise léiritheach ar fáil a thaispeánann rannchuidiú BTS le soláthar seirbhísí sláinte agus le torthaí othar. Déanfaidh muid seiceálacha tréimhsiúla spriocdhírithe le páirtithe leasmhara freisin (trí mheicníochtaí aiseolais amhail suirbhéanna agus comhairliúcháin) ag pointí tábhachtacha le linn thréimhse na straitéise. Cuirfidh sé seo ar ár gcumas riachtanais earnála atá ag teacht chun cinn agus an tionchar a bhraitear ar ár ngníomhaíochtaí agus ar ár rannpháirtíocht eagraíochtúil a mheas mar chuid dár gcreat monatóireachta agus meastóireachta PTFanna.

Geallaimid go ndéanfar athbhreithniú leanúnach ar ár PTFanna chun a chinntiú go bhfanann siad ábhartha do phríomhghnéithe na straitéise agus go léiríonn siad tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

# Gníomhú le tiomantas

**Agus muid ag féachaint chuig na cúig bliana atá romhainn, dearbhaíonn BTS arís a thiomantas taighde eiticiúil, cothrom agus den chéad scoth a sholáthar a neartaíonn cúram sláinte agus sóisialta agus a fhreastalaíonn ar leas an phobail ar fud oileán na hÉireann, an Aontais Eorpaigh agus go hidirnáisiúnta.**

Beidh ár gcuid oibre bunaithe i gcónaí ar luachanna iontaofachta, ionchuimsitheachta, freagrachta agus trédhearcachta, agus léireoimid ceannaireacht agus glacfaimid le nuálaíocht chun a chinntiú go mbeidh tionchar dearfach ag ár ngníomhaíochtaí ar shláinte daoine.

Cuirfimid dea-chleachtas i bhfeidhm i rialachas corparáideach agus bainistíocht fhreagrach ar infheistíocht phoiblí. Cuirfimid cleachtais inbhuanaithe chun cinn ar fud ár n-oibríochtaí freisin chun tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú.

Beidh cur i bhfeidhm na straitéise seo – agus ár ngníomhaíochtaí uile – faoi réir monatóireachta, meastóireachta agus tuairiscithe. Déanfar athbhreithniú lárthréimhse ar an straitéis chun a chinntiú go ndéanaimid oiriúnú do chúinsí atá ag athrú.

Fanfaidh an ionchuimsitheacht ina cuid dhílis dár gcuspóir. Oibreoimid chun éagothromaíochtaí sláinte a laghdú atá nasctha le stádas socheacnamaíoch, inscne, aois, stádas imirce, míchumas agus tosca eile. Agus neartóimid rannpháirtíocht an phobail agus othar ionas go léireoidh an taighde taithí saoil agus go mbeidh tionchar fíorshaoil aige.

Ag tógáil ar an dul chun cinn suntasach go dtí seo, cuirfimid rialachas taighde chun cinn a thuilleadh, agus na caighdeáin is airde cosanta sonraí á gcoinneáil againn, le dea-chleachtas eiticiúil mar bhonn faoi ár ngníomhaíochtaí uile.

Tá an comhoibriú i gcroílár na straitéise seo. Oibreoimid i ndlúthchomhar le cleachtóirí cúraim sláinte agus sóisialta, lucht déanta beartas, othair, cúramóirí, pobail agus an tsochaí shibhialta ionas go bhfreagróidh an taighde do riachtanais na seirbhíse tosaigh agus go gcuirfidh sé le cinnteoireacht níos fearr.

Leathnóimid comhpháirtíochtaí ar fud oileán na hÉireann, doimhneoimid rannpháirtíocht le struchtúir agus cláir mhaoinithe an Aontais Eorpaigh, agus neartóimid comhoibriú idirnáisiúnta ionas go mbainfidh Éire tairbhe as dul chun cinn eolaíoch domhanda agus go gcuirfidh sí leis ag an am céanna.

I ndomhan atá ag athrú ar luas lasrach, geallaimid solúbthacht, nuálaíocht agus ullmhacht – trí chumas fianaise fíor-ama a fhorbairt, córais sonraí nua-aimseartha a thógáil agus lucht saothair taighde athléimneach a chumasú atá in ann freagairt do dhúshláin atá ag teacht chun cinn.

Ag obair le chéile chun cuspóirí Straitéis BTS 2026–2030 a bhaint amach, cuirfimid beocht sa taighde.

An Bord Taighde Sláinte
Teach Grattan
67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 H638
Éire

**t** +353 1 234 5000
**e** hrb@hrb.ie
**w** www.hrb.ie

www.hrbstrategy2030.ie